An tEachréidh CTR

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag An tEachréidh CTR

Is é An tEachréidh CTR, i gcomhar le Údarás na Gaeltachta atá freagrach as an phlean teanga do LPT an Eachréidh i.e. Baile Chláir, Eanach Dhúin agus an Chairn Mhóir a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag An tEachréidh CTR agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
Taithí i mbainistiú foireann oibre
Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí An tEachréidh CTR.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an phost chomh maith le scéim phinsin.

Tá an plean teanga don cheantar agus na sonraí poist a théann leis an phost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach An tEachréidh CTR.

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh 30ú Eanáir, 2023. chuig**: An Cathaoirleach, Ríomhphost**: anteachreidhpt@gmail.com

Tuilleadh eolais ar fáil ó **Eithne Uí Cheallacháin**, Cathaoirleach @**091 868259**.

S20
AN PRÓISEAS
PLEANÁLA TEANGA
Ár dTeanga, Ár bPobal, Ár nGaeltacht

Gaeltacht
na hÉireann